2023/2827

14.12.2023

CINNEADH (AE, Euratom) 2023/2827 ÓN gCOMHAIRLE

an 12 Nollaig 2023

lena leasaítear Rialacha Nós Imeachta na Comhairle

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 240(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tráth atá gníomh le glacadh ag an gComhairle trí thromlach cáilithe, ní mór a fhíorú gurb ionann na Ballstáit a seasann an tromlach cáilithe dóibh agus 65 %, ar a laghad, de dhaonra an Aontais.

(2) Déantar an céatadán sin a ríomh de réir na bhfigiúirí daonra a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialacha Nós Imeachta na Comhairle ('na Rialacha Nós Imeachta') [1].

(3) Le hAirteagal 11(6), foráiltear de na Rialacha Nós Imeachta, go bhfuil an Chomhairle, le héifeacht ón 1 Eanáir gach bliain, chun na figiúirí a leagtar amach san Iarscríbhinn sin a leasú, i gcomhréir leis na sonraí atá ar fáil d'Oifig Staidrimh an Aontais Eorpaigh an 30 Meán Fómhair den bhliain roimhe sin.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, na Rialacha Nós Imeachta a leasú dá réir don bhliain 2024.

(5) I gcomhréir le hAirteagal 106a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, tá feidhm ag Airteagal 240 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leis an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn III a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta:

'*IARSCRÍBHINN III*

Na figiúirí a bhaineann le daonra an Aontais agus daonra gach Ballstáit i gcás chur chun feidhme na bhforálacha maidir le vótáil trí thromlach cáilithe sa Chomhairle

An Ballstát	Daonra	Céatadán de dhaonra an Aontais (%)
an Ghearmáin	84 311 244	18,72
an Fhrainc	68 070 697	15,11
an Iodáil	59 691 110	13,25
an Spáinn	48 063 694	10,67
an Pholainn	37 723 532	8,37
an Rómáin	19 051 562	4,23
an Ísiltír	17 956 453	3,99
an Bheilg	11 754 004	2,61
an tSeicia	10 833 385	2,40

[1] Cinneadh 2009/937/AE ón gComhairle an 1 Nollaig 2009 lena nglactar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle (IO L 325, 11.12.2009, lch. 35).

An Ballstát	Daonra	Céatadán de dhaonra an Aontais (%)
an tSualainn	10 541 000	2,34
an Phortaingéil	10 516 621	2,33
an Ghréig	10 415 585	2,31
an Ungáir	9 599 744	2,13
an Ostair	9 087 000	2,02
an Bhulgáir	6 498 567	1,44
an Danmhairg	5 921 952	1,31
an Fhionlainn	5 593 070	1,24
an tSlóvaic	5 454 629	1,21
Éire	5 194 336	1,15
an Chróit	3 850 894	0,85
an Liotuáin	2 857 279	0,63
an tSlóivéin	2 116 972	0,47
an Laitvia	1 883 008	0,42
an Eastóin	1 365 884	0,3
an Chipir	920 701	0,2
Lucsamburg	658 278	0,15
Málta	542 051	0,12
EU 27	450 473 252	
Tairseach (65 %)	292 807 614‘.	

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Nollaig 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
P. NAVARRO RÍOS